



An Bhruiséil, 14 Samhain 2016
(OR. en)

14361/16

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0170 (COD)**

**MAR 284
CODEC 1645**

TUARASCÁIL

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	13785/16 MAR 277 CODEC 1543
Uimh. an doic. ón gCoim.:	9953/16 MAR 160 CODEC 846
Ábhar:	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí – Cur chuige ginearálta

COMHTHÉACS AGUS ÁBHAR AN TOGRA

1. Ar an 7 Meitheamh 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
2. Tá an togra mar chuid d'athbhreithniú níos leithne ar reachtaíocht an Aontais maidir le sábháilteacht long paisinéirí, i gcomhréir le 'seiceáil oiriúnachta' a dhéanann an Coimisiún.¹

¹ "REFIT – Adjusting Course: EU Passenger Ship Safety Legislation Fitness Check", 13230/15 + ADD 1 agus 2.

3. Is éard is aidhm le Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí² ardleibhéal sábháilteachta a bhaint amach agus bacainní ar thrádáil a bhaint, trí chaighdeáin chomhchuibhithe sábháilteachta a shocrú ar leibhéal iomchuí do longa paisinéirí agus d'árthaí paisinéirí atá i mbun seirbhísí intíre.
4. Molann an Coimisiún go ndéanfaí na rialacha agus na caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí a shoiléiriú agus a shimpliú le gur fusa a bheadh sé nuashonrú agus faireachán a dhéanamh orthu agus iad a fhorfheidhmiú.
5. Ar na príomhleasuithe a mholann an Coimisiún, d'fhéadfaí iad seo a leanas a lua:
- líon áirithe tagairtí iomarcacha, neamhréireacha nó míchearta a scriosadh, go háirithe a mhéid a bhaineann leis gCód Cobhsaíochta Sláine, an Cód d'Árthaí Ardluais, an sainmhíniú ar airde bogha, limistéar calafoirt, Stát an chalafoirt agus eagraíocht aitheanta;
 - foráil a dhéanamh do shainmhínithe nua ar long thraidisiúnta, long sheoil, luamh pléisiúir agus ártach pléisiúir, bád freastail, agus ábhar coibhéiseach;
 - an sainmhíniú ar 'ábhar coibhéiseach' a shoiléiriú chun go seachnófaí cur i bhfeidhm ar bhonn neamh-aonfhoirmeach a eascraíonn as an léirmhíniú ar raon feidhme na Treorach maidir leis an sainmhíniú ar alúmanam mar ábhar coibhéiseach agus infheidhmeacht na gcaighdeán sábháilteachta dóiteáin comhfhreagrach;
 - longa ar lú ná 24 mhéadar iad a eisiamh ó raon feidhme na Treorach, agus soiléiriú a thabhairt nach bhfuil feidhm ag an Treoir maidir le longa seoil, le báid freastail ná le longa dá dtagraítear sa Chód Sábháilteachta do Longa Sainchuspóireacha (soithigh soláthair amach ón gcósta san áireamh);
 - dáta nua cur i bhfeidhm a chur isteach i gcás longa a thógtar le hábhar coibhéiseach roimh theacht i bhfeidhm na Treorach;

² IO L 163, 25.6.2009, lch. 1.

- cur leis an trédhearcacht, agus fógraí ar dhíolúintí, ar choibhéisí agus ar bhearta breise sábháilteachta ó na Ballstáit a éascú, trí fhoráil a dhéanamh don Choimisiún do bhunú bunachair sonraí. Ba cheart an dréacht agus an leagan glactha de na bearta ar tugadh fógra ina leith a chur san áireamh ann;
- Treoir 2009/45/CE a ailíniú le forálacha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcumhacht a thugtar don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

OBAIR SA CHOMHAIRLE

6. Ar an 7 Meitheamh 2016, rinne an Coimisiún cur i láthair ó bhéal don Chomhairle Iompair i ndáil leis an athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le sábháilteacht long paisinéirí.
7. Thosaigh an Mheitheal um Loingseoireacht ar scrúdú a dhéanamh ar an togra i mí Iúil 2016.
8. Tháinig an Mheitheal um Loingseoireacht ar chomhaontú maidir le roinnt athruithe ar an togra ón gCoimisiún, agus ar na hathruithe sin d'fhéadfaí iad seo a leanas a lua:
 - sainmhínithe athbhreithnithe ar ‘daoine a bhfuil a soghluaiseacht laghdaithe’, ar ‘ábhar coibhéiseach’ agus ar ‘luamh pléisiúir/árthach pléisiúir’;
 - simpliú breise ar na forálacha a bhaineann le haicmí long paisinéirí agus le limistéir farraige, lena n-áirítear an fhéidearthacht don Ghréig coincheap na mbealaí farraige a úsáid seachas limistéir farraige;
 - an fhéidearthacht do na Ballstáit a bhfuil níos mó na 60 long paisinéirí acu a dhéantar as cóimhiotal alúmanaim agus a bhfuil a mbratach ar foluain orthu, na longa sin a eisiamh ón Treoir go ceann tréimhse 14 bliana, ar choinníoll go n-oibrítear na longa go heisiach idir calafoirt an Bhallstáit lena mbaineann;
 - síneadh go seacht mbliana a chur leis an spriocdháta chun na ceanglais a chomhlíonadh i gcás longa a thógtar le hábhar coibhéiseach roimh theacht i bhfeidhm na Treorach;

- leasuithe ar na forálacha maidir le gníomhartha tarmligthe agus le gníomhartha cur chun feidhme, lena n-áirítear teorainn ama maidir le tarmligean na cumhachta chuig an gCoimisiún;
 - síneadh go 36 mhí a chur leis an spriocdháta maidir le trasuí agus an fhéidearthacht na Ballstáit nach bhfuil calafoirt mhuirí acu agus nach bhfuil longa acu a bhfuil a mbratach ar foluain orthu a dhíolmhú ón oibleagáid an Treoir a thrasú.
9. Ar an 11 Samhain 2016, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe an dréacht-chur chuige ginearálta, thug sé dá aire na forchoimeádais a bhí fós ann agus na ráitis a rinne na toscaireachtaí agus chinn sé an téacs a chur ar aghaidh chuig an gComhairle lena ghlacadh.
10. Ba cheart a thabhairt ar aird nach raibh measúnú tionchair ag gabháil leis an togra. Mar sin féin, rinneadh tuarascáil an Choimisiúin ar REFIT a thíolacadh agus a phlé sa Mheitheal um Loingseoireacht i mí Dheireadh Fómhair 2015. Ina theanna sin, bhí plean cur chun feidhme agus forléargas ar na moltaí maidir le simpliú ag gabháil leis an togra ón gCoimisiún³.

OBAIR I bPARLAIMINT NA hEORPA

11. Ar an 15 Meitheamh 2016, cheap an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) de chuid Pharlaimint na hEorpa Daniela Aiuto (EFDD-an Iodáil) mar rapóirtéir.

³ 9953/16 ADD 1 agus 2.

Longa seoil agus soithigh seirbhíse amach ón gcósta a eisiamh ón raon feidhme

12. Áirítear ar na cuspóirí sonraithe atá leis an togra ón gCoimisiún soiléiriú a thabhairt nach bhfuil feidhm ag Treoir 2009/45/CE maidir le longa seoil ná le longa dá dtagraítear sa Chód idirnáisiúnta Sábháilteachta do Longa Sainchuspóireacha, soithigh soláthair amach ón gcósta san áireamh.
13. Mar sin féin, measann Éire, tríd is tríd, go bhfuil feidhm ag Treoir 2009/45/CE faoi láthair maidir le gach cineál loinge paisinéirí intíre agus gur dearadh na caighdeáin sábháilteachta dá cuid dá réir sin. Dá bhrí sin, ba cheart aithris 1 a mhodhnú chun an méid sin a shoiléiriú.
14. Maidir le longa seoil, measann Éire, ar chúiseanna a bhaineann leis an dlí, sábháilteacht, rochtain ar an margadh agus cur chun feidhme praiticiúil, gur cheart iad a áireamh i raon feidhme na Treorach i gcónaí. Dar le hÉirinn, áirítear longa seoil a thiomáintear go meicniúil i raon feidhme Threoir 2009/45/CE, agus dá n-eiseofaí iad, is éard a bheadh mar thoradh air go laghdófaí ar an tsábháilteacht mhuirí agus go mbainfí ón raon feidhme freisin longa paisinéirí a dheimhnítear faoin Treoir faoi láthair. Dá n-eiseofaí ón raon feidhme iad, bheadh longa seoil faoi réir réimse leathan dlíthe éagsúla agus rialacháin éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag teacht salach ar a chéile. Ní bheadh sin i gcomhréir le forbairt margaidh aonair san Aontas, ní hamháin chun brataí long a athrú agus a dhíol ach freisin chun na longa sin a ghríosadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí uile-Eorpacha amhail rásaí na long ard. Chuige sin, molann Éire go ndéanfaí an sainmhíniú ar longa seoil (pointe z d'Airteagal 2) a mhodhnú chun na longa sin amháin a thiomáintear le seoil a áireamh agus go scriosfaí longa seoil ó Airteagal 3(2) ina léirítear na catagóirí long nach bhfuil feidhm ag an Treoir maidir leo.
15. Thug an Uachtaránacht aird chuí ar an ráiteas comhpháirteach ón nGearmáin agus ó Éirinn maidir le saincheist na long seoil.⁴

⁴ 13785/16 ADD 2.

16. Maidir le soithigh seirbhíse amach ón gcósta, measann Éire gur cheart longa seirbhíse amach ón gcósta agus áirthe seirbhíse amach ón gcósta a áireamh sa raon feidhme agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a scriosadh ó Airteagal 3(2)(a) agus (b). Dar le hÉirinn, tá na longa sin/na háirthe sin faoi raon feidhme Threoir 2009/45/CE faoi láthair. Dá mbainfí anois iad, laghdófaí raon feidhme na Treorach, rud nach bhfuil i gcomhréir le ceanglais REFIT. Ina theannta sin, ba ann d'ábhair mhóra inné ó thaobh na sábháilteachta de dá mbainfí na longa sin ó raon feidhme na Treorach. I measc úsáidí eile, bíonn na soithigh sin i mbun oibrithe a iompar chuig tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus neamh-inathnuaite agus chuig suiteálacha amach ón gcósta agus ar ais uathu. Measann Éire gur longa paisinéirí iad na longa sin a iompraíonn oibrithe chuig an ionad oibre agus ar ais arís, toisc gur paisinéirí iad na hoibrithe. Tá sé sin ar aon dul le hiompar oibrithe ar aon mhodh eile iompair chuig an ionad oibre nó ar ais arís. Sna cásanna uile atá ar aon dul le chéile, is paisinéirí iad oibrithe agus caithfidh an modh iompair cloí le caighdeán maidir le hiompar paisinéirí. Dá bhrí sin, measann Éire nár cheart caighdeán níos ísle sábháilteachta a bheith i gceist le hiompar mairí ná mar atá i gceist le modhanna eile.
17. Thug an Uachtaránacht aird chuí ar an ráiteas comhpháirteach ó Éirinn maidir le saincheist na soithí seirbhíse amach ón gcósta.⁵

Forchoimeádais eile

18. Tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe parlaiminteacha fós ag an Danmhairg agus ag an Ríocht Aontaithe maidir leis an togra.
19. Ag an gcéim seo den nós imeachta, tá forchoimeádas ginearálta ag an gCoimisiún maidir le haon athruithe ar a thogra, go dtí go dtabharfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh.

⁵ 13785/16 ADD 1.

20. Ina theannta sin, forchoimeádan an Coimisiún a sheasamh maidir leis an bhféidearthacht na Ballstáit sin a bhfuil níos mó ná 60 long paisinéirí acu a dhéantar as cóimhiotal alúmanaim agus a bhfuil a mbratach ar foluain orthu a eisiamh ó fhorálacha na Treorach seo. Tá sé sin bunaithe ar ábhair inní sábháilteachta a bhaineann leis na longa sin, go háirithe maidir le sábháilteacht ó dhóiteáin. Cáineann an Coimisiún freisin an easpa trédhearcachta a ghabhann leis an maolú sin. Ar deireadh, tá forchoimeádas ag an gCoimisiún maidir leis an bhféidearthacht na Ballstáit sin nach bhfuil calafoirt mhuirí acu agus nach bhfuil longa acu a bhfuil a mbratach ar foluain orthu a mhaolú ar an oibleagáid an Treoir a thrasú, óir tá níos mó i gceist leis sin ná maolú ar thrasú bunaithe ar chritéir gheografacha.

CONCLÚID

21. Iarrtar ar an gComhairle an téacs a scrúdú, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo é, d'fhonn cur chuige ginearálta a ghlacadh maidir leis an téacs ag an seisiún a bheidh ag an gComhairle ar an 1 Nollaig 2016.

2016/0170 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa
paisinéirí**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2)
de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

¹ IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun go gcoinneofaí an t-ardleibhéal sábháilteachta dá bhforáiltear i gcomhchaighdeáin sábháilteachta arna sainiú i dTreoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² agus chun cothroime iomaíochta a choinneáil, ba cheart cur i bhfeidhm na Treorach sin a fheabhsú. Níor cheart feidhm a bheith ag Treoir 2009/45/CE ach amháin i gcás longa paisinéirí agus árthaí ar dearadh caighdeáin sábháilteachta na Treorach lena n-aghaidh. Ba cheart, dá bhrí sin, cineálacha loinge ar leith a eisiamh óna raon feidhme, amhail báid freastail, longa seoil nó longa a iompraíonn pearsanra oilte atá ag gabháil do ghnó na loinge nó do shuiteálacha amach ón gcósta.
- (2) Léiríodh leis an gClár um Oiriúnacht Rialála (REFIT)³ nach ndeimhníonn gach Ballstát longa alúmanaim faoi Threoir 2009/45/CE. Tá staid mhíchothrom ann dá dheasca, a lagaíonn an cuspóir chun ardleibhéal coiteann sábháilteachta a bhaint amach do phaisinéirí a thaistealaíonn ar bád ar aistear intíre san Aontas. Chun go seachnófaí cur i bhfeidhm ar bhonn neamh-aonfhoirmeach a eascraíonn as an léirmhíniú ar raon feidhme na Treorach maidir leis an sainmhíniú ar alúmanam mar ábhar coibhéiseach agus infheidhmeacht na gcaighdeán sábháilteachta dóiteáin comhfhreagrach, ba cheart sainmhíniú an ábhair choibhéisigh a shoiléiriú.
- (2a) Áirithíonn líon mór longa paisinéirí a thógtar le cóimhiotal alúmanaim naisc sheasmhacha rialta idir calafoirt éagsúla laistigh de Bhallstát. I bhfianaise na n-iarmhairtí tromchúiseacha ar na hoibríochtaí iompair sin agus na ndalaí socheacnamaíocha gaolmhara, agus i bhfianaise na n-impleachtaí airgeadais agus teicniúla a bheadh ann do longa atá ann faoi láthair agus do longa nua mar thoradh ar cheanglais na Treorach seo a chomhlíonadh, ba cheart an deis a thabhairt do na Ballstáit sin dlíthe náisiúnta a chur i bhfeidhm, go ceann tréimhse theoranta ama, ar na longa paisinéirí sin, agus é á áirithiú acu go gcoinnítear leibhéal leordhóthanach sábháilteachta.

² Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1).

³ COM(2015) 508.

- (3) Chun soiléireacht dlí agus comhsheasmhacht dlí a fheabhsú, ba cheart roinnt sainmhínithe agus tagairtí a uasdátú agus a ailíniú tuilleadh leis na rialacha gaolmhara idirnáisiúnta nó de chuid an Aontais. Agus sin á dhéanamh, ba cheart cúram ar leith a ghlacadh gan athrú a dhéanamh ar an raon feidhme atá ann cheana ná ar an leibhéal sábháilteachta dá bhforáiltear i dTreoir 2009/45/CE. Ba cheart, go háirithe, an sainmhíniú ar long thraidisiúnta a ailíniú níos fearr le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, fad a choinnítear na critéir reatha a bhaineann le bliain na tógála agus le cineál an ábhair. Ba cheart an sainmhíniú ar luamh pléisiúir agus ar ártach pléisiúir a ailíniú tuilleadh leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (Coinbhinsiún SOLAS).
- (4) I bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, tá deacrachtaí ann na ceanglais fhorordaitheacha reatha arna ndíorthú ó Choinbhinsiún SOLAS a chur in oiriúint do shoithigh bheaga paisinéirí atá níos lú ná 24 mhéadar ar fad. Ina theannta sin, tógtar longa beaga go príomha le hábhair eile seachas cruach agus dá bhrí sin ní dheimhnítear ach líon an-teoranta de na longa sin faoi Threoir 2009/45/CE. Ós rud é nach bhforáiltear do cheisteanna sábháilteachta ar leith ná do chaighdeáin leordhóthanacha sa Treoir, ba cheart longa faoi 24 mhéadar ar fad a eisiamh óna raon feidhme agus iad a bheith faoi réir caighdeáin shonracha sábháilteachta arna gcinneadh ag na Ballstáit ar fearr a gcumas leis na srianta áitiúla loingseoireachta a mheasúnú do na longa sin maidir leis an achar go dtí an cósta nó go dtí an calafort agus ó thaobh dálaí aimsire de.
- (5) Chun na sainmhínithe dá bhforáiltear i dTreoir 2009/45/CE a shimpliú tuilleadh, agus chun aon suaitheadh do na Ballstáit a íoslaghdú, ba cheart na critéir iomarcacha nó leormhaithe a bhaint. Agus an leibhéal sábháilteachta fós á choinneáil, ba cheart simpliú a dhéanamh ar shainmhíniú na limistéar farraige inar féidir le longa d'Aicme C agus d'Aicme D oibriú, agus an critéar 'áit ar féidir le daoine longbhriste teacht i dtír', agus 'achar go dtí an áit dídine' a bhaint, d'fhonn na limistéir farraige a shainiú. Is paraiméadar luaineach atá i gceist le hoiriúnacht imeallbhoird ar leith ar cheart do na Ballstáit é a athbhreithniú cás ar chás agus, i gcás inar gá, ba cheart nóta a ghlacadh sa Teastas Sábháilteachta do Longa Paisinéirí d'aon srianta oibríochta a bhaineann leis an achar go dtí áit dídine i gcás long ar leith.

⁴ Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise maidir le trácht soitheach agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

- (5a) I bhfianaise na saintréithe sonracha geografacha agus aimsire agus an lín mhóir oileán is gá a fhreastal go rialta agus go minic sa Ghréig, leis an mórtír nó eatarthu, agus i bhfianaise an lín mhóir naisc mhuirí a d'fhéadfadh a bheith ann dá bharr, ba cheart a cheadú don Ghréig maolú ar an gceanglas limistéir farraige a bhunú. Ina ionad sin, ba cheart a cheadú don Ghréig longa paisinéirí a aicmiú de réir an bhealaigh shonraigh mhuirí ar a n-oibrítear iad agus, san am céanna, na critéir chéanna maidir le haicmí long paisinéirí agus na caighdeáin sábháilteachta chéanna a choinneáil.
- (6) Chun iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe na bhforálacha reatha a bhaint, ar ina leith a d'fhéadfadh sé nach n-aithneofaí mar longa nua paisinéirí lastlonga atá athchóirithe, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag na ceanglais athchóirithe maidir le haon long, ní hamháin maidir le longa paisinéirí atá ann cheana.
- (6a) Ó tharla, i gcomhréir le Treoir 2009/16/CE, go bhféadfaidh Stát calafoirt cigireacht a dhéanamh ar long paisinéirí nó ar ártach paisinéirí ardluais a bhfuil bratach seachas bratach Stát an chalafoirt ar foluain uirthi nó air, nuair atá sí nó sé i mbun turais intíre, ní bheidh feidhm a thuilleadh ag forálacha sonracha Airteagal 5(3) de Threoir 2009/45/CE agus ba cheart iad a scríosadh.
- (6b) I bhfianaise na n-éagsúlachtaí sa chur chuige idir ceanglais SOLAS maidir le cobhsaíocht damáiste agus ceanglais shonracha an Aontais maidir le cobhsaíocht damáiste le haghaidh longa paisinéirí róró atá i dTreoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵, ba cheart an gá atá le Treoir 2003/25/CE agus an breisluach a ghabhann léi a mheasúnú bunaithe ar cé acu a áirithítear an leibhéal céanna sábháilteachta leis na ceanglais sin de chuid SOLAS.
- (7) Chun cur leis an trédhearcacht, agus chun fógraí ar dhíolúintí, ar choibhéisí agus ar bhearta breise sábháilteachta ó na Ballstáit a éascú, ba cheart go mbunódh agus go gcoinneodh an Coimisiún bunachar sonraí chun na críche sin. Ba cheart an dréacht agus an leagan glactha de na bearta ar tugadh fógra ina leith a chur san áireamh ann.

⁵ Treoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le ceanglais shonracha sábháilteachta do longa paisinéirí róró (IO L 123, 17.5.2003, lch. 22).

- (8) I bhfianaise na n-athruithe a tharla mar thoradh ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ba cheart na cumhachtaí atá tugtha don Choimisiún a nuashonrú dá réir, ar cumhachtaí iad chun Treoir 2009/45/CE a chur chun feidhme. Ba cheart gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶.
- (9) Chun forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta agus taithí a chur san áireamh agus chun trédhearcacht a mhéadú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasuithe ar na hionstraimí idirnáisiúnta a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo, más gá, agus na ceanglais theicniúla a nuashonrú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú gníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú gníomhartha tarmligthe.
- (10) Ós rud é go bhfuil na tagairtí sonracha a dhéantar in Airteagal 14 d’obair leantach IMO tar éis titim as feidhm, ba cheart an tAirteagal sin a scriosadh. Mar sin féin, maidir le cuspóirí ginearálta na gníomhaíochta idirnáisiúnta chun sábháilteacht long paisinéirí a fheabhsú agus chun cothroime iomaíochta a bhunú, tá siad ábhartha i gcónaí agus saothraítear i gcomhréir leis na Conarthaí iad.

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(11) I bhfianaise thimthriall faireacháin iomlán chuairteanna na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí, ba cheart don Choimisiún cur chun feidhme Threoir 2009/45/EC a mheas tráth nach déanaí ná [seacht mbliana tar éis an dáta dá dtagraítear sa dara fomhír d’Airteagal 2(1)] agus tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina thaobh sin. Ba cheart go n-oibreodh na Ballstáit i gcomhar leis an gCoimisiún chun an fhaisnéis uile atá de dhíth a bhailiú don mheasúnú seo.

(11a) I gcás Ballstát nach bhfuil calafoirt mhuirí ina chríoch aige ná longa nó árthaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach a bhfuil a bhratach ar foluain orthu, ba dhíréireach agus neamhriachtanach an oibleagáid é dá mbeadh ar an mBallstát sin an Treoir seo a thrasú.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/45/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2009/45/CE

Leasaítear Treoir 2009/45/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) ciallaíonn ‘Coinbhinsiún Idirnáisiúnta’ na coinbhinsiúin seo a leanas chomh maith leis na Prótacail a ghabhann leo agus na leasuithe orthu, i.e. na leaganacha nuashonraithe díobh:

(i) Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir 1974 (Coinbhinsiún SOLAS 1974); agus

(ii) an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Ualachlínite, 1966;”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) ciallaíonn ‘Cód Cobhsaíochta Sláine’ an ‘Cód maidir le Cobhsaíocht Shlán do gach cineál loinge a chumhdaítear faoi Ionstraimí IMO’ atá i Rún A.749(18) an 4 Samhain 1993 ó Chomhthionól IMO, nó an ‘Cód Idirnáisiúnta maidir le Cobhsaíocht Shlán, 2008’ atá i Rún IMO MSC.267(85) an 4 Nollaig 2008, sna leaganacha nuashonraithe díobh;”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g)(ii):

"(ii) tá a n-uasluas, mar a shainmhínítear i Rialachán 1.4.30 de Chód na nÁrthaí Ardluais 1994 agus i Rialachán 1.4.38 de Chód na nÁrthaí Ardluais 2000, faoi bhun 20 muirmhíle;”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (m):

"(m) ciallaíonn ‘airde bogha’ an airde bogha a shainmhínítear i Rialachán 39 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Ualachlínte, 1966;”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (r):

"(r) ciallaíonn ‘limistéar calafoirt’ limistéar seachas limistéar farraige a liostaítear de bhun Airteagal 4(2), mar a shainmhíníonn na Ballstáit é, a leathnaíonn amach chomh fada leis na hoibreacha buana calafoirt agus ar cuid dhílis de chóras an chalafoirt é, nó a leathnaíonn amach chomh fada leis na teorainneacha arna sainiú ag gnéithe geografacha nádúrtha a chosnaíonn inbhear nó limistéar comhchosúil eile faoi fhothain;”;

(f) scriostar pointe (s);

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (u):

"(u) ciallaíonn ‘Stát an chalafoirt’ Ballstát ar chuig a chalafort/chalafoirt nó óna chalafort/chalafoirt atá long nó ártach, ar a bhfuil bratach ar foluain nach bratach an Bhallstáit sin í, i mbun turais intíre;”;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (v):

"(v) ciallaíonn ‘eagraíocht aitheanta’ eagraíocht a aithnítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

* Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d’eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO L 131, 28.5.2009, lch. 11).”;

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (y):

"(y) ciallaíonn ‘daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe’ aon duine ag a bhfuil deacracht faoi leith iompar poiblí a úsáid, lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine atá faoi mhíchumas, daoine atá faoi mhíchumas céadfach, úsáideoirí cathaoireacha rothaí, mná torracha agus daoine a bhfuil páistí óga á dtionlacan acu;”

(j) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

"(z) ciallaíonn ‘long sheoil’ long a bhíonn á tiomáint ag seolta, fiú má tá sí feistithe le tiomáint mheicniúil chun críoch cúnta agus éigeandála;

(za) ciallaíonn ‘ábhar coibhéiseach’ cóimhiotal alúmanaim nó aon ábhar dodhóite eile a choinníonn, uaidh féin nó mar gheall ar an insliú a chuirtear ar fáil, airíonna struchtúrtha agus sláine atá coibhéiseach le cruach tar éis an nochta is iomchuí sa tástáil chaighdeánach dóiteáin;

- (zb) ciallaíonn ‘tástáil chaighdeánach dóiteáin’ tastáil ina nochtar sampla de na bulcaidí nó de na deiceanna ábhartha i bhfoirnéis tástála do theocht atá comhfhreagrach, nach mór, leis an gcuairt chaighdeánach am-teochta i gcomhréir leis an modh tástála a shonraítear i gCód Idirnáisiúnta um Fheidhmiú Gnásanna Tástála Dóiteáin 2010, atá i Rialachán IMO MSC.307(88) an 3 Nollaig 2010, sa leagan nuashonraithe de;
- (zc) ciallaíonn ‘long thraidisiúnta’ aon chineál loinge stairiúla paisinéirí a dearadh roimh 1965 chomh maith lena macasamhlacha a tógadh go príomha leis na hábhair bhunaidh, lena n-áirítear iad sin a dearadh d’fhonn scileanna agus mairnéalacht thraidisiúnta a chur chun cinn, ar beo-shéadchomharthaí cultúrtha iad le chéile, a oibrítear de réir prionsabail thraidisiúnta mhairnéalachta agus theicniúla;
- (zd) ciallaíonn ‘luamh pléisiúir’ nó ‘árthach pléisiúir’ soitheach nach bhfuil i mbun trádála, beag beann ar an modh tiomána;
- (ze) ciallaíonn ‘bád freastail’ bád atá á iompar ag long agus a úsáidtear chun líon níos mó ná 12 phaisinéirí a iompar ó long paisinéirí atá ina stad go dtí an tír agus ar ais;
- (zea) ciallaíonn ‘long seirbhíse amach ón gcósta’ long a úsáidtear chun pearsanra tionscail nach ndéanann obair ar bord atá riachtanach do ghnó na loinge a iompar agus chun freastal orthu;
- (zeb) ciallaíonn ‘árthach seirbhíse amach ón gcósta’ árthach a úsáidtear chun pearsanra tionscail nach ndéanann obair ar bord atá riachtanach do ghnó an árthaigh a iompar agus chun cóir a chur orthu;

(zf) ciallaíonn ‘deisithe, athruithe agus modhnuithe móra’ aon cheann de na nithe seo a leanas:

- aon athrú suntasach ar thoisí na loinge, e.g. í a fhadú trí lárchabhail nua a chur léi,
- aon athrú suntasach ar an líon daoine is féidir a iompar ar an long, e.g. deic feithicle a athchóiriú ina lóistín paisinéirí,
- aon athrú suntasach ar ré feidhme na loinge, e.g., lóistín paisinéirí a athnuachan ar dheic iomlán amháin,
- aon chineál loinge a athchóiriú ina long paisinéirí.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"Airteagal 3

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir leis na longa agus leis na hárthaí paisinéirí seo a leanas, beag beann ar a mbratach, agus iad i mbun turais intíre:

- (a) longa paisinéirí atá nua nó atá ann cheana, atá 24 mhéadar nó níos mó ar fad;
- (b) árthaí paisinéirí ardluais.

Cinntoidh gach Ballstát, ina cháil mar Stát an chalafoirt, go gcomhlíonann longa paisinéirí agus árthaí paisinéirí ardluais, a bhfuil bratach Stáit nach bratach Ballstáit í ar foluain orthu, ceanglais na Treorach seo, sula rachaidh siad i mbun turais náisiúnta sa Bhallstát sin.

2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) longa paisinéirí arb é atá iontu:

- (i) longa cogaidh agus longa trúpaí;
- (ii) longa seoil;
- (iia) longa nach dtiomáintear go meicniúil;
- (iii) soithí a tógadh le hábhar nach cruach ná ábhar coibhéiseach é agus nach gcumhdaítear faoi na caighdeáin a bhaineann le hÁrthaí Ardluais (Rún MSC 36(63) nó MSC.97(73)) ná le hÁrthaí faoi Thacaíocht Dhinimiciúil (Rún A.373(X));
- (iv) longa adhmaid de thógáil bhunúsach;
- (v) longa traidisiúnta;
- (vi) luaimh phléisiúir;
- (vii) longa nach mbíonn i mbun oibre ach amháin i limistéir chalafoirt;
- (viii) longa seirbhíse amach ón gcósta; nó
- (ix) báid freastail;

(b) árthaí paisinéirí ardluais arb é atá iontu:

- (i) árthaí cogaidh agus árthaí trúpaí;
- (ii) árthaí pléisiúir;
- (iii) árthaí nach mbíonn i mbun oibre ach amháin i limistéir chalafoirt; nó
- (iv) árthaí seirbhíse amach ón gcósta.”;

(3) ⁷ cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

“Airteagal 4

Catagóiríú limistéar farraige agus aicmí long paisinéirí

1. Roinntear limistéir farraige sna catagóirí seo a leanas:

‘Limistéar A’ a chiallaíonn limistéar farraige lasmuigh de limistéar farraige B, limistéar farraige C agus limistéar farraige D, más ann.

‘Limistéar B’ a chiallaíonn limistéar farraige nach bhfuil a chomhordanáidí geografacha níos faide ná 20 míle ó líne an chósta ag pointe ar bith, a chomhfhreagraíonn don mheánairde taoide, ach atá lasmuigh de limistéar farraige C agus limistéar farraige D, más ann.

‘Limistéar C’ a chiallaíonn limistéar farraige nach bhfuil a chomhordanáidí geografacha níos faide ná 5 míle ó líne an chósta ag pointe ar bith, a chomhfhreagraíonn don mheánairde taoide, ach atá lasmuigh de limistéar farraige D, más ann dó.

Ina theannta sin, maidir leis an dóchúlacht go rachadh an tonnairde shuntasach thar 2.5 méadar, is lú ná 10 % a bheidh sí go ceann tréimhse bliana i gcás oibríocht feadh na bliana, nó go ceann tréimhse shonrach i gcás oibríocht shéasúrach, amhail oibríocht i dtréimhse an tsamhraidh.

‘Limistéar D’ a chiallaíonn limistéar farraige nach bhfuil a chomhordanáidí geografacha níos faide ná 3 míle ó líne an chósta ag pointe ar bith, a chomhfhreagraíonn don mheánairde taoide.

Ina theannta sin, maidir leis an dóchúlacht go rachadh an tonnairde shuntasach thar 1,5 méadar, is lú ná 10 % a bheidh sí go ceann tréimhse bliana i gcás oibríocht feadh na bliana, nó go ceann tréimhse shonrach i gcás oibríocht shéasúrach, amhail oibríocht i dtréimhse an tsamhraidh.

⁷ NB: D’fhéadfadh sé gur ghá roinnt athruithe iarmhartacha a dhéanamh ar reachtaíocht eile de chuid an Aontais, e.g.: Treoir 99/35 – le go scríosfaí Aicme: “1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le gach bád farantóireachta róró agus le gach ártach paisinéirí ardluais a oibrítear chuig calafort Ballstáit nó uaidh ar sheirbhís rialta, beag beann ar an mbratach atá acu, nuair a bhíonn siad i mbun turais idirnáisiúnta nó turais intíre i limistéir farraige a chumhdaítear le hAicme A dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 98/18/CE.” Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ISM – le go scríosfaí Aicme: “(e) longa paisinéirí, seachas báid farantóireachta paisinéirí róró, i limistéir farraige Aicme C agus Aicme D, mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Threoir 98/18/CE iad.”

2. Déanfaidh gach Ballstát na nithe seo a leanas:

- (a) liosta de na limistéir farraige atá faoina dhlínse a bhunú agus a nuashonrú, i gcás ir
- (b) an teorainn istigh den limistéar farraige is gaire do líne an chósta a chinneadh;
- (c) an liosta a fhoilsiú i mbunachar sonraí poiblí atá ar fáil ar shuíomh idirlín an údará mhuirí inniúil;
- (d) an Coimisiún a chur ar an eolas faoi shuíomh na faisnéise sin agus nuair a dhéanta modhnuithe ar an liosta.

3. De mhaolú air sin, féadfaidh an Ghréig liosta de bhealaí farraige, seachas liosta de limistéir farraige, a bhunú agus a nuashonrú, i gcás inar gá, agus úsáid á baint as na critéir chomhfhreagracha do na catagóirí a leagtar amach i mír 1.

4. Roinntear longa paisinéirí sna haicmí seo a leanas de réir an limistéir farraige ina bhféadfaidh siad oibriú:

‘Aicme A’ a chiallaíonn long paisinéirí i mbun turais intíre i limistéir farraige A, B, C agus D.

‘Aicme B’ a chiallaíonn long paisinéirí i mbun turais intíre i limistéar farraige B, i limistéar farraige C agus i limistéar farraige D.

‘Aicme C’ a chiallaíonn long paisinéirí i mbun turais intíre i limistéar farraige C agus i limistéar farraige D.

‘Aicme D’ a chiallaíonn long paisinéirí i mbun turais intíre i limistéar farraige D.

5. I gcás árthaí paisinéirí ardluais, beidh feidhm ag na catagóirí a shainmhínítear i gCaibidil 10 (1.4.10) agus (1.4.11) de Chód d’Árthaí Ardluais 1994, nó i gCaibidil 1 (1.4.12) agus (1.4.13) de Chód d’Árthaí Ardluais 2000.”;

(4) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Aithneoidh gach Ballstát, ag gníomhú ina cháil mar Stát an chalafoirt, an Teastas Sábháilteachta d’Árthaí Ardluais a eisíonn Ballstáit eile d’árthaí paisinéirí ardluais, agus iad i mbun turais intíre, nó an Teastas Sábháilteachta do Longa Paisinéirí dá dtagraítear in Airteagal 13 a eisíonn Ballstát eile do longa paisinéirí atá i mbun turais intíre.”;

(b) scriostar mír 3;

(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

4. Measfar go bhfuil trealamh muirí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach de bhun Threoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ** i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach de bhun na Treorach seo.

** Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle (IO L 257, 28.8.2014, lch. 146).”;

(5) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) comhlíonfaidh tógáil agus cothabháil na cabhlach, an phríomhinnealra agus an innealra chúnta, an ghléasra leictirigh agus uathoibríoch na caighdeáin a shonraítear d'aicmiú de réir rialacha ó eagraíocht aitheanta, nó de réir rialacha coibhéiseacha a úsáideann riarachán i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Threoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

* Treoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus do ghníomhaíochtaí ábhartha riarachán mairí (IO L 131, 28.5.2009, lch. 47).";

(ii) scriostar pointe (c);

(b) i bpointe (b) de mhír 2, scriostar pointe (ii);

(ba) i bpointe (b) de mhír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):

"(iii) d'ainneoin phointe (i), déantar longa nua paisinéirí ar d'Aicme D iad a dhíolmhú ón gceanglas maidir le hairde bogha íosta a leagtar síos sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Ualachlínite, 1966;"

(c) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) agus phointe (d):

"(c) comhlíonfaidh longa paisinéirí d'Aicme C agus d'Aicme D atá ann cheana na ceanglais ábhartha shonracha atá sa Treoir seo, agus i gcás ceisteanna nach gcumhdaítear faoi na ceanglais sin, comhlíonfaidh siad rialacha riarachán an bhratstáit; forálfar leibhéal sábháilteachta sna rialacha sin atá coibhéiseach leis an leibhéal sábháilteachta i gCaibidil II-1 agus i gCaibidil II-2 d'Iarscríbhinn I, fad a chuirtear san áireamh na dálaí sonracha áitiúla oibríochta a bhaineann leis na limistéir farraige ina bhféadfar longa na n-aicmí sin oibriú;

sula bhféadfaidh longa paisinéirí d'Aicme C agus d'Aicme D atá ann cheana dul i mbun turais rialta intíre i Stát calafoirt, gheobhaidh riarachán an Bhratstáit aontú Stát an chalafoirt maidir leis na rialacha sin;

(d) i gcás Ballstát a bheith den tuairim gur rialacha míréasúnta iad na rialacha a éilíonn an riarachán ar an Stát calafoirt de bhun phointe (c) den mhír seo, tabharfaidh an Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún ina leith. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an bhfuil rialacha riarachán an Stáit calafoirt réasúnta. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).";

(ii) scriostar pointe (e) agus pointe (f);

(d) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fleasc:

"– comhlíonann siad go hiomlán ceanglais an Chóid Sábháilteachta d'Árthaí faoi Thacaíocht Dhinimiciúil (Cód DSC) i Rún IMO A.373(10), sa leagan nuashonraithe de;"

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) comhlíonfaidh tógail agus cothabháil árthaí paisinéirí ardluais agus a dtrealamh na rialacha maidir le haicmiú árthaí ardluais de chuid eagraíocht aitheanta, nó rialacha coibhéiseacha a úsáideann riarachán i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Threoir 2009/15/CE.";

(e) cuirtear isteach mír 5, mír 6 agus mír 6a mar a leanas:

"5. Maidir le longa nua agus longa atá ann cheana, comhlíonfaidh deisithe, athruithe agus modhnuithe móra agus na feistis a bhaineann leo na ceanglais do longa nua mar a fhorordaítear i bpointe (a) de mhír 2; ní mheasfar gur modhnuithe móra iad athruithe ar long arb é an t-aon aidhm leo caighdeán an chumais teacht slán a ardú.

6. Comhlíonfaidh longa a tógadh le hábhar coibhéiseach roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo a ceanglais faoi [seacht mbliana tar éis an dáta dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 2(1)].

6a. De mhaolú air sin, maidir le Ballstát a bhfuil níos mó ná 60 long paisinéirí aige a dhéantar as cóimhiotal alúmanaim agus a bhfuil a bhratach ar foluain orthu ar an [cuir isteach: *dáta an teacht i bhfeidhm*], féadfaidh sé longa paisinéirí a thógtar le cóimhiotal alúmanaim agus ar d'Aicme B, d'Aicme C nó d'Aicme D iad a dhíolmhú, go ceann tréimhse ceithre bliana déag, ar choinníoll go n-oibrítear iad go heisiach idir calafoirt an Bhallstáit sin.

Aon Bhallstát ar mian leis leas a bhaint as an maolú sin, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún ar an *[cuir isteach: dáta an trasuite]* ar a dhéanaí faoin rún atá aige leas a bhaint as an maolú sin agus cuirfidh sé an t-ábhar in iúl don Choimisiún. Maidir le haon athrú eile a dhéanfar ina dhiaidh sin, cuirfear in iúl don Choimisiún é freisin. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 9(4).”;

(6) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

(b) "1. Maidir le longa paisinéirí róró ar d'Aicme C iad agus ar leagadh an chéile dá gcuid, nó a bhí i riocht comhchosúil déanmhais, ar an 1 Deireadh Fómhair 2004 nó ina dhiaidh, agus maidir le gach long paisinéirí róró ar d'Aicme A agus d'Aicme B iad, beidh siad i gcomhréir le hAirteagal 6, le hAirteagal 8 agus le hAirteagal 9 de Threoir 2003/25/CE.”;

(c) scriostar mír 2;

(7) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) scriostar an dara fomhír de mhír 3;

(b) scriostar mír 4;

(8) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Féadfaidh Ballstát, faoi réir an nós imeachta a leagtar síos i mír 4, bearta a ghlacadh lena gceadaítear coibhéisí do cheanglais shonracha ar leith den Treoir seo, ar choinníoll go bhfuil na coibhéisí sin ar a laghad chomh héifeachtach agus atá na ceanglais sin.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Leanfaidh Ballstát a bhaineann leas as forálacha mhír 1, mhír 2, nó mhír 3 ar aghaidh i gcomhréir le fomhír 2 go fomhír 7 den mhír seo.

Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún maidir leis na bearta a bhfuil rún aige iad a ghlacadh, lena n-áirítear sonraí a mhéid is gá chun a dheimhniú go gcothabháiltear an leibhéal sábhailteachta go leormhaith.

Má chineann an Coimisiún, de bhíthin gníomh cur chun feidhme, laistigh de thréimhse sé mhí ón uair a fhaightear an fógra, nach bhfuil údar leis na bearta atá molta, beidh ar an mBallstát sin na bearta molta a leasú nó staonadh óna nglacadh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Sonrófar na bearta arna nglacadh sa reachtaíocht náisiúnta ábhartha agus cuirfear in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile iad.

Tabharfar fógra i leith na mbeart dá dtagraítear sa dara fomhír agus sa cheathrú fomhír trí mheán bunachar sonraí arna bhunú agus arna choinneáil ag an gCoimisiún chun na críche sin. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, maidir leis na coinníollacha rochtana ar an mbunachar sonraí. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Cuirfear aon bheart den chineál sin i bhfeidhm maidir le gach long paisinéirí den aicme céanna nó maidir le hárthaí a oibrítear faoi na dálaí sonraithe céanna, gan idirdhealú a dhéanamh i dtaca leis an mbratach atá acu ná le náisiúntacht ná áit bhunaíochta an oibreora atá acu.

Ní bheidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear i mír 3 ach fad a oibrítear an long nó an t-árthach faoi na dálaí sonraithe. ";

(c) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) cinntí an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an bhfuil údar le cinneadh an Bhallstáit oibríocht loinge nó áthaigh den sórt sin a chur ar fionraí nó na bearta breise a fhorchur, ar chúiseanna a bhaineann le baol tromchúiseach do shábháilteacht anama, do shábháilteacht maoine nó don chomhshaol, agus, mura bhfuil údar leis an bhfionraí nó leis na bearta, go mbeidh ar an mBallstát lena mbaineann an fionraí nó na bearta a tharraingt siar. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).";

(9) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) na tagairtí sonracha do na 'Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta' agus do rúin IMO dá dtagraítear i bpointí (g), (m), (q) agus (zb) d'Airteagal 2, pointe (a) d'Airteagal 3(2), pointe (b) d'Airteagal 6(1) agus pointe (b) d'Airteagal 6(2).";

(aa) i mír 2:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) coigeartú a dhéanamh, i bhfianaise taithí, ar na sonraíochtaí teicniúla atá sna leasuithe a dhéantar ar Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta i gcás longa agus áthaí ar de chineál B, de chineál C nó de chineál D iad";

(ii) cuirtear pointe (c) agus pointe (d) isteach mar a leanas:

"(c) eilimintí teicniúla a shimpliú agus a shoiléiriú, i bhfianaise taithí ar chur chun feidhme;

(d) nuashonrú a dhéanamh ar na tagairtí d'ionstraimí gaolmhara eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le longa paisinéirí intíre.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

- "3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a chun na leasuithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a ghlacadh.
4. In imthosca eisceachtúla, i gcás ina dtugtar údar cuí leis trí anailís iomchuí arna déanamh ag an gCoimisiún agus d'fhonn bagairt thromchúiseach dho-ghlactha ar an tsábháilteacht mhuirí, an tsláinte, dálaí maireachtála agus oibre ar bord loinge, nó an mhuirthimpeallacht, nó neamh-chomhoiriúnacht le reachtaíocht mhuirí an Aontais a sheachaint, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a, ar gníomhartha iad lena leasaítear an Treoir seo chun nach ndéanfar, chun críche na Treorach seo, leasú a chur i bhfeidhm maidir leis na hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2.

(10) cuirtear isteach Airteagal 10a seo a leanas:

"Airteagal 10a

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10(3) agus (4) a thabhairt don Choimisiún faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10(3) agus (4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse seacht mbliana amhail ón [IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachta dá dtagraítear in Airteagail 10(3) agus (4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10(3) nó (4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.
7. Déanfar gníomh tarmligthe lena leasaítear an Treoir seo chun nach gcuirfear, chun críocha na Treorach seo, aon leasú i bhfeidhm maidir leis na hionstraimí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 10(4), déanfar é a ghlacadh trí mhí ar a laghad roimh dhul in éag na tréimhse a bhunaítear go hidirnáisiúnta do ghlacadh intuigthe an leasaithe lena mbaineann nó trí mhí roimh an dáta ar a bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm. Sa tréimhse roimh theacht i bhfeidhm an ghnímh tarmligthe sin, staonfaidh na Ballstáit ó aon tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm leis an leasú a chomhtháthú i reachtaíocht náisiúnta nó an leasú a chur i bhfeidhm maidir leis an ionstraim idirnáisiúnta lena mbaineann.”;

(11) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).”;

(b) scriostar mír 3;

(12) leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfaidh riarachán an bhratstáit ar gach long paisinéirí dul faoi na suirbhéanna a shonraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c):

(a) suirbhé tosaigh sula gcuirfear an long i seirbhís;

(b) suirbhé tréimhsiúil uair amháin gach 12 mhí; agus

(c) suirbhéanna breise, nuair is gá.”;

(b) scriostar mír 2;

(13) leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfar Teastas Sábháilteachta do Longa Paisinéirí i gcomhréir leis an Treoir seo do gach long paisinéirí atá nua nó atá ann cheana, i gcomhréir le ceanglais na Treorach seo. Leagtar síos formáid an teastais in Iarscríbhinn II. Eiseoidh riarachán an bhratstáit an teastas sin tar éis suirbhé tosaigh, mar a shonraítear i bpointe (a) d'Airteagal 12(1), a bheith déanta.”;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

“Sula n-eiseoidh sé an ceadúnas oibrithe d’árthaí paisinéirí ardluais i mbun turais intíre i Stát calafoirt, aontóidh riarachán an Bhratstáit leis an Stát calafoirt maidir le haon choinníollacha oibríochta a bhaineann le hoibriú an árthaigh sa Stát sin. Léireoidh riarachán an Bhratstáit aon choinníollacha den sórt sin ar an gceadúnas oibrithe.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Glacfar nóta ar theastas na loinge nó an árthaigh de bhearta breise sábháilteachta, de choibhéisí agus de dhíolúintí arna dtabhairt do longa nó d’árthaí faoi fhorálacha Airteagal 9(1), (2) agus (3) agus i gcomhréir leis na forálacha sin.”;

(14) scriostar Airteagal 14;

(15) cuirtear isteach Airteagal 16a seo a leanas:

"Airteagal 16a
Athbhreithniú

Déanfaidh an Coimisiún cur chun feidhme na Treorach seo a mheas agus cuirfidh siad torthaí na meastóireachta sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tráth nach déanaí ná [seacht mbliana tar éis an dáta dá dtagraítear sa dara fomhír d’Airteagal 2(1)].”.

(16) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

- (a) i mír 13.1 i gcuid A de Chaibidil II-2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú habairt:

“Sa chás go bhfuil an long i mbun turais intíre i mBallstát eile, beidh aistriúchán go teanga oifigiúil Stát an chalafoirt sin san áireamh, más amhlaidh nach Fraincis ná Béarla an teanga sin.”;

- (b) sa chéad mhír d’fhonóta 1 a ghabhann leis an tábla i mír 2 de Chaibidil III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása tosaigh:

“Féadfaidh báid tarrthála nó raftaí tarrthála nó teaglaím díobh sin a bheith i gceist le hárthaí tarrthála i gcomhréir leis na forálacha i Rialachán III/2.2. Nuair atá údar leis toisc gur turais faoi fhothain atá i gceist nó mar gheall ar dhálaí fabhracha aimsire sa limistéar oibriúcháin, ag féachaint do na moltaí in MSC/Circ.1046 IMO, féadfaidh riarachán an Bhratstáit glacadh leis, mura ndiúltaíonn Ballstát an chalafoirt dó.”.

Airteagal 2

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh agus a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [*cuir isteach: 36 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm*] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún gan mhoill.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [*cuir isteach: 36 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm*].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnefidh an tslí leis an tagairt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.
- 2a. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh sé d'oibleagáid ar Bhallstát an Treoir a thrasuí mura bhfuil aon chalafoirt mhuirí ina chríoch agus mura bhfuil aon longa nó árthaí aige a bhfuil a bhratach ar foluain orthu a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Ní fhéadfaidh an Ballstát sin a cheadú do longa ná d'árthaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a bhratach a chur ar foluain nó go mbeidh an Treoir seo trasuite agus curtha chun feidhme aige.

Aon Bhallstát a bhfuil rún aige leas a bhaint as an maolú sin, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún ar an [IO: iarrtar ort dáta thrasuí na Treorach seo a chur isteach] ar a dhéanaí. Maidir le haon athrú eile a dhéanfar ina dhiaidh sin, cuirfear in iúl don Choimisiún é freisin.

Airteagal 3
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4
Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
